ï»¿

Mapaí Scoilnet: Cúnamh

Clár Ábhar

- Réamhrá
- Canbhás Mapa
- Mapáil
- Giuirléidí
- Loingseoireacht
- Seoltaí a Chuardach
- Rialú Sraithe agus Eochair Eolais
- Fuinneoga Aníos
- Easpórtáil chuig PDF
- Priontáil
- Giuirléid 'Tarraing'
- Giuirléid 'Leabharmharcanna'
- Giuirléid 'Svaidhpeáil agus Spotsolas'
- Giuirléid 'Eangach na hÉireann'
- Giuirléid 'Próifíl Airde'
- Giuirléid 'Street View'
- Fabhtcheartú
- Breiseán Flash

Réamhrá

Fáilte chuig Mapaí Scoilnet, uirlis idirghníomhach mapála ar líne a thugann rochtain do mhúinteoirí agus do dhaltaí i scoileanna na tíre ar léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann le haghaidh Phoblacht na hÉireann chomh maith le léarscáileanna mionsonraithe an Domhain. Chomh maith leis sin, tugann Mapaí Scoilnet rogha d'úsáideoirí breathnú ar réimse tacair shonraí bhreise, i bhfoirm sraitheanna, thar na bunmhapaí, e.g. teorainneacha, sonraí daonáirimh, láthair scoileanna, etc.

Ba cheart fadhbanna maidir le feidhmiú an fheidhmchláir seo a chur chuig an seoladh ríomhphoist a leanas: maps@scoilnet.ie.

Tabhair faoi deara: D'fhonn go n-oibreoidh na gnéithe i Mapaí Scoilnet ina n-iomláine, caithfear fuinneoga aníos a cheadú i do bhrabhsálaí. Má chliceálann tú mír (e.g. doiciméid chúnaimh nó nasc i bhfuinneog aníos) agus má thaispeánann do bhrabhsálaí teachtaireacht go bhfuil bac ar mhíreanna aníos, lean na naisc chuig 'ceadaigh míreanna aníos ón suíomh seo i gcónaí'. Athshocrófar na fuinneoga mapa nuair a dhéanann tú é seo. Níor cheart go mbeadh ort é a dhéanamh feasta tar éis duit é a dhéanamh an chéad uair; oibreoidh na naisc uile mar is gnách.

Léigh an fógra ag bun an doiciméid seo i dtaca le breiseán Flash le haghaidh do bhrabhsálaí, rud atá riachtanach chun go n-oibreoidh Mapaí Scoilnet.

Barr

Canbhás Mapa

Is éard atá i gceist leis an gcanbhás mapa an príomhspás oibre idirghníomhach ar Mhapaí Scoilnet. Má bhíonn tú ag breathnú ar mhapaí Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi), taispeánfar mapa na hÉireann ar an gcanbhás mapa gach uair. Is í seo réim iomlán na mapála atá ar fáil do shonraí OSi. Má bhíonn tú ag breathnú ar mhapáil dhomhanda, taispeánfar léarscáil an domhain ar réim iomlán an chanbháis mhapa gach uair a thugann tú cuairt air. Tá sonraí faoi bhóithre, faoi bhailte, faoi bhonneagar agus faoi thír-raon san uile mhapa agus méadaíonn na mionsonraí de réir mar a zúmálann tú isteach.

Barr

Mapáil

Nuair a bhíonn tú ag breathnú ar mhapaí Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, tugann Mapaí Scoilnet sé rogha dhifriúla do na húsáideoirí. Soláthraítear an uile mhapa faoi cheadúnas ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann trí úsáid a bhaint as a seirbhís ghréasáin *MapGenie*. Cinntíonn sé seo go bhfaighidh úsáideoirí Mhapaí Scoilnet nuashonruithe ar an toirt nuair a dhéantar nuashonrú ar bhunachar sonraí soláthair OSi.

Is féidir dul ó rogha mhapála amháin go ceann eile ach an nasc ‘Mapaí’ a chliceáil ag barr an chanbháis mhapa ar dheis:

Tig leat ceann de na cineálacha mapa a roghnú ansin trí chliceáil air:



Is féidir an uirlis bharra sleamhnáin ag bun an roghnóra mapa a chliceáil agus a tharraingt freisin le breathnú ar na mapaí de réir a chéile.

Mapáil Sráide OSi (‘Mapáil OSi')

Is í seo an mhapáil chúlra réamhshocraithe – tugtar mionmhapáil inti ar shráideanna, ar láithreacha, ar uiscebhealaí agus ar ghnéithe eile nádúrtha agus saorga. Féadfaidh úsáideoirí zúmáil isteach i mapaí mórscála le haghaidh Phoblacht na hÉireann.

Grianghrafadóireacht OSi ón Aer (‘Grianghrafadóireacht OSi ón Aer’)

Cuireann sé seo an ghrianghrafadóireacht is déanaí ón aer ar fáil. Is féidir breathnú uirthi ag scálaí suas le 1:1,000. Tá thart ar thrian de Phoblacht na hÉireann clúdaithe ag na híomhánna is déanaí ó 2010. Tá limistéir eile clúdaithe ag íomhánna OSi ón mbliain 2005 fós.

Mapáil Discovery OSi 1:50,000 (‘Discovery’)

Ag scála 1:50,000, is leagan digiteach é seo den tsraith mhapála ‘Discovery’, a dearadh a chéaduair faoi choinne gníomhaíochtaí turasóireachta agus fóillíochta. Cuirtear mapaí ar fáil ann ina bhfaightear an dúrud gnéithe agus ina dtaispeántar mionfhaisnéis faoin tírdhreach, mar shampla, ainmneacha bailte fearainn, aibhneacha, lochanna agus comhrianta. Cuireadh feabhas ar na mapaí in 2012 chun go n-áireofaí cuid mhór faisnéise faoi choillte, conairí, siúlóidí slímharcáilte agus mullaí (lena n-áirítear saothar tríú páirtí) d’fhonn luach an Discovery Series a fheabhsú don phobal siamsaíochta amuigh faoin spéir agus don phobal Faisnéise Geografaí (GI). Taispeánfar canbhás folamh má zúmáiltear isteach níos mó ná an scála 1:10,000. Tabhair faoi deara go socraíonn OSi an scála uasta zúmála agus nach féidir é a athrú.

Tabhair faoi deara: Ní féidir breathnú ar na mapaí Discovery má zúmáiltear isteach níos mó ná an scála 1:10,000. Imeoidh an mhapáil as radharc agus taispeánfar scáileán folamh nuair a sháraítear an scála seo.

OSi 1:50,000 Discovery agus Scáthlíniú Rilífe ('Discovery Scáthlíniú Rilífe')

Tá sé díreach mar atá thuas ach tá Scáthlíniú san áireamh ar na mapaí chun limistéir airde a léiriú.



Mapáil Cassini 6 hOrlaí OSi ('Cassini 6 hOrlaí')

Cuireadh leaganacha athbhreithnithe de na mapaí 6 horlaí le chéile go mall sa 19ú haois agus ag tús an 20ú haois. Cé go n-aithnítear iad seo mar an tríú heagrán (1911-1912) go minic, bíonn sonraí ón gceathrú heagrán (1935-1938) ar na mapaí ar an suíomh, i limistéir uirbeacha de ghnáth, chomh maith le roinnt sonraí ón gcéad eagrán (1842).

Tabhair do d'aire: Caithfear zúmáil isteach ar scála 1:10,000 nó níos mó chun breathnú ar an ‘Cassini 6 hOrlaí’. Ní thaispeánfar ach mapa stairiúil cineálach ar scálaí níos lú ná sin.



Mapáil Stairiúil 6 hOrlaí OSi (‘Stairiúil 6 hOrlaí')

Rinneadh suirbhéireacht ar an gcéad eagrán de mhapaí Suirbhéireacht Ordanáis idir 1829 agus 1842 ar scála sé horlaí le míle amháin (1:10560). Baineadh leas as teilgean Cassini sna mapaí agus táirgeadh iad ar bhonn contae. Níor taispeánadh sonraí ar bith ó chontaetha mórthimpill.

Tabhair do d'aire: Caithfear zúmáil isteach ar scála 1:10,000 nó níos mó ná sin chun breathnú ar an ‘Stairiúil 6 hOrlaí’. Ní thaispeánfar ach mapa stairiúil cineálach ar scálaí níos lú ná sin.

Barr

Giuirléidí

Téarma é ‘giuirléid’ a mbaintear úsáid as chun cur síos a dhéanamh ar cheann ar bith de na huirlisí a fheiceann tú ar an gcanbhás mapa. Ligeann na huirlisí nó na ‘giuirléidí’ seo do na húsáideoirí tascanna a dhéanamh i Mapaí Scoilnet, e.g. déan loingseoireacht, aimsigh áit, priontáil, etc. Faightear an ghiuirléid loingseoireachta ar thaobh na láimhe clé den chanbhás mapa. Faightear tuilleadh giuirléidí sa bharra uirlisí uachtarach agus seasann deilbhíní dóibh. Seo a leanas na giuirléidí atá ar fáil i mbarra uirlisí Mhapaí Scoilnet:



Osclófar fuinneog ar leith aníos a bhaineann leis an ngiuirléid sin amháin má chliceáiltear ar cheann de na deilbhíní seo.

Breathnaigh ar fhíseán teagaisc a mhíníonn giuirléidí Mhapaí Scoilnet

Míreanna aníos na ngiuirléidí a bhogadh timpeall ar an scáileán.

Nuair a osclaítear mír aníos giuirléide is féidir é a bhogadh timpeall ar an gCanbhás Mapa trína chiceáil agus a tharraingt timpeall. Nuair a scaoileann tú an luch, fanfaidh mír aníos na giuirléide ina háit nua. Cuireann sé seo ar do chumas an ghiuirléid a bhogadh ar shiúl ó na mapaí más gá.

Barr

Loingseoireacht

Tá uirlisí sa ghiuirléid loingseoireachta a ligeann duit zúmáil isteach, zúmáil amach agus peanáil timpeall mapa. Cuireann sí ar do chumas an mapa a fheiceáil óna réim iomlán (e.g. Éire ar fad) anuas go leibhéal na sráide.

Zúmáil isteach agus amach

Féadtar scála an amharcóra mapa a athrú ar cheithre bhealach (zúmáil isteach agus amach):

1. An roth ar do luch a rolladh chun tosaigh nó ar gcúl.
2. Na cnaipí + nó - a chliceáil:

   ag barr agus bun bharra sleamhnáin scála na giuirléide loingseoireachta a fhaightear ar thaobh na láimhe clé den chanbhás mapa. Bogfaidh sé seo an barra sleamhnáin scála suas (zúmáil isteach ar an mapa) nó síos (zúmáil amach ón mapa). Tugtar scála an mhapa ag gach leibhéal zúmála trí chliceáil ar chnaipe an bharra sleamhnáin scála.
3. Más mian leat zúmáil isteach nó amach de réir réime ar leith, roghnaigh na cnaipí + nó - a ghabhann leis an ngloine formhéadúcháin a fhaightear ag bun na giuirléide loingseoireachta:

   Ní mór duit i gcás na ndeilbhíní seo bosca a tharraingt ar an gcanbhás mapa chun an limistéar ar mhaith leat zúmáil isteach air nó zúmáil amach uaidh, a chur in iúl. Déantar é seo ach an cnaipe luiche ar chlé a choinneáil síos agus an cúrsóir a tharraingt go trasnánach thar an gcanbhás mapa. Chomh luath agus a thosaíonn tú an gníomh sin feicfidh tú bosca roghnúcháin ag teacht i láthair. Scaoil an cnaipe luiche chun an limistéar roghnúcháin a chur i gcrích.
4. Cuir an cúrsóir ar an bpointe ar an mapa ar mhaith leat zúmáil isteach air agus cliceáil faoi dhó. Cuirfear an pointe sin i lár an scáileáin agus zúmálfar isteach air. Is féidir leat é sin a dhéanamh arís agus arís eile go dtí go zúmáiltear isteach ar an scála a theastaíonn uait.

An mapa a pheanáil

Tá dhá bhealach ann chun an mapa a pheanáil (amharc an mhapa a bhogadh go cliathánach le go mbeidh sé láraithe ar limistéar difriúil):

1. Cliceáil ar an deilbhín peanála agus ansin cliceáil áit ar bith ar an gcanbhás mapa agus coinnigh an cnaipe síos le linn duit an mapa a tharraingt i cibé treo is mian leat.
2. Cliceáil ar na cnaipí ‘Peanáil aníos’, ‘Peanáil anuas’, ‘Peanáil ar chlé’ nó ‘Peanáil ar dheis’:

   ag barr na giuirléide loingseoireachta.

Loingseoireacht idir amhairc

Má theastaíonn uait dul siar chuig an amharc roimhe, cliceáil an cnaipe ‘An Réim Roimhe Seo’ ar an mbarra uirlisí loingseoireachta: Seo í an tsaighead chlé:

Tar éis duit an méid sin a dhéanamh, féadfaidh tú dul ar aghaidh go hamhairc ina dhiaidh sin ach an cnaipe ‘An Chéad Réim Eile’ a bhrú, an tsaighead dheis.

Siar go réim iomlán

Má theastaíonn uait dul ar ais chuig uasréim na sonraí mapála a bhfuiltear ag breathnú orthu, brúigh an cnaipe ‘Réim Iomlán’. Is é

sin an cnaipe cruinneoige atá i lár an bharra uirlisí loingseoireachta:

.

An mapa a athlárú

Bain úsáid as an uirlis seo leis an mapa reatha a athlárú. Cliceáil an deilbhín , agus cliceáil pointe spéise ar an mapa faoi dhó ina dhiaidh sin. Bogfaidh an mapa chuig an lárphointe nua agus zúmálfaidh sé isteach. Tig leat freisin an cúrsóir a chliceáil agus a choinneáil síos chun an mapa a tharraingt. Nuair a dhéanann tú é seo, ní athrófar scála an mhapa.

Mapa foramhairc

Faightear an uirlis seo i gcúinne íochtarach an chanbháis mhapa ar dheis agus baintear leas aisti chun breathnú ar mhapa foramhairc den amharc reatha.

Nuair a dhéantar í a chliceáil, tiocfaidh fuinneog níos mó aníos agus beidh amharc an mhapa le feiceáil ar scála níos mó san fhuinneog seo. Seasfaidh bosca dearg don amharc reatha. Má chliceálann tú an cúrsóir ar an mbosca dearg agus má choinníonn tú síos é, is féidir leat an bosca a tharraingt timpeall ar an bhfuinneog agus réim an phríomh-mhapa a athrú. Cliceáil an tsaighead chun é a íoslaghdú arís.

Barr

Áiteanna a Chuardach

Tá dhá bhealach le háit nó seoladh a chuardach laistigh de Mhapaí Scoilnet.

1. Bosca cuardaigh

Tá bosca cuardaigh téacs sa bharra uirlisí bairr . Cuireann *Logeolaire* An Post taca faoin fheidhm chuardaigh seo agus tá gach seoladh in Éirinn ann.

Clóscríobh seoladh nó logainm beacht isteach agus, má fhanann tú nóiméad, taispeánfar liosta roghanna duit in íochtar chun roghnú astu.



Is féidir téacs a iontráil agus ‘siar’ a chliceáil ar d’eochairchlár chomh maith agus tabharfar go dtí an chéad mhír thú sna i dtorthaí an chuardaigh.

2. Aimsigh láthair

Sa bharra uirlisí bairr tá giuirléid 'Aimsigh láthair' fosta. Nuair a chliceáiltear air sin, osclaítear bosca mír aníos aonair, inar féidir leat comhordanáidí ITM ar leith na háite atá tú ag cuardach a iontráil. Cliceáil an cnaipe 'Aimsigh' ansin chun tús a chur leis an gcuardach.



Is féidir leat an bosca cuardaigh 'Aimsigh Láthair' a dhúnadh am ar bith ach an 'x' a chliceáil ar bharr an bhosca giuirléide ar dheis, nó é a íoslaghdú ach an comhartha '-' in aice láimhe a chliceáil.

Barr

Rialú Sraithe agus Eochair Eolais

Más maith leat breathnú ar Shraitheanna, cliceáil an cnaipe ar bharr an chanbháis mhapa ar dheis. Layers

Breathnaigh ar fhíseán teagaisc a mhíníonn na sraitheanna atá le feiceáil i ngiuirléidí Mhapaí Scoilnet

Rialú sraithe

Nuair a osclaítear an Liosta Sraitheanna a chéaduair, taispeántar liosta na sraitheanna atá ar fáil:



Cuirtear na sraitheanna i ngrúpaí le go mbeidh sé níos éasca don úsáideoir iad a fheiceáil agus a bhainistiú. Féadfar grúpa a fhairsingiú ach an tsaighead ▶ ar chlé ón ngrúpainm (e.g. 'Teorainneacha' nó 'Mapáil an OPW ar Thuilte') a chliceáil.

Is féidir grúpa iomlán a chasadh air agus a chasadh as ach an ticbhosca le taobh an ghrúpainm (e.g. 'Sonraí Daonáirimh') a chliceáil, nó sraith aonair a chasadh air agus a chasadh as ach an ticbhosca le taobh ainm na sraithe a chliceáil nuair a fhairsingítear é (e.g. 'Athrú ar an Daonra de réir Contae'). **Caithfear tic a chur leis an tsraith agus leis an ngrúpa araon le go mbeidh an tsraith le feiceáil ar an mapa.** Má chuirtear tic le níos mó ná sraith amháin, taispeánfar an tsraith atá ar barr nó is uachtaraí ar an scáileán.

Má bhíonn sraith sa liosta a bhfuil téacs iodálaithe agus dath bánliath air, ciallaíonn sé sin nach féidir breathnú uirthi ag an scála reatha mapa. Ní mór duit zúmáil amach nó isteach le go dtaispeánfar an tsraith sin ar an mbunmhapa. Ní féidir breathnú ar shraith Mhapáil an OPW ar Thuilte thar an scála 1:50,000. Ní thaispeánfar rud ar bith ar na mapaí mar sin má sháraíonn tú an scála sin agus tú ag zúmáil isteach. Mar an gcéanna, ní féidir breathnú ar Fbardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta thar an scála 1:25,000, Má bhíonn tú zúmáilte isteach níos mó ná sin, arís ní thaispeánfar rud ar bith don tsraith sin ar an mapa.

Trédhearcacht na Sraithe

Is féidir trédhearcacht sraithe a choigeartú ach an tsaighead anuas a chliceáil ar dheis ó ainm na sraithe agus 'Trédhearcacht' a roghnú'.

Eochair Eolais

Faightear an ghiuirléid ‘Eochair Eolais’ i mbarra na ngiuirléidí ar barr . Ba cheart í a úsáid nuair a ghníomhachtaítear sraitheanna ar an gcanbhás mapa. Má dhéantar an ghiuirléid ‘Eochair Eolais’ a chliceáil agus a oscailt, tagann eochair eolais mhínitheach aníos faoi gach ceann de na dathanna a bhíonn á n-úsáid ar an tsraith. Caithfear tic a chur leis an tsraith agus leis an ngrúpa araon le go mbeidh an eochair eolais le feiceáil sa ghiuirléid ‘Eochair eolais’ ar an gcanbhás mapa.

Barr

Fuinneoga Aníos

Cumraítear cuid de na sraitheanna atá ar fáil san amharcóir chun tacú le fuinneoga faisnéise aníos – tugann siad seo breis sonraí faoi limistéir nó faoi ghnéithe ar leith.

Cliceáil an limistéar spéise ar an mapa chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na sraitheanna seo. Feicfear fuinneog aníos ina mbeidh cur síos, airíonna breise agus hipearnaisc á dtaispeáint. Má bhíonn níos mó ná sraith amháin ar siúl agat, beidh an mhír aníos ag freagairt don tsraith ar barr.

Tá fuinneoga aníos á n-úsáid faoi láthair le haghaidh na sraitheanna sonraí seo a leanas:

- Teorainneacha
- Scoileanna
- Sonraí Daonáirimh
- Mapáil an OPW ar Thuilte
- Geolaíocht Bhuncharraige
- Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta
- An tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta
- Limistéir Shainithe

Barr

Easpórtáil chuig PDF

Osclaítear an ghiuirléid ‘Easpórtáil chuig PDF’ ach an deilbhín a chliceáil i mbarra na ngiuirléidí ar bharr an mhapa.

Ligeann an ghiuirléid seo duit mapa a shábháil go comhad PDF lena phriontáil nó lena shábháil. Is féidir nótaí téacs a chur leis an gcomhad PDF más maith leat agus féadfaidh tú eangach chineálach a fhorleagan ar an amharc mapa a roghnaigh tú ach an ticbhosca ‘Taispeáin Eangach?’ a thiceáil.



Má tá mapa Discovery á phriontáil agat agus má tá giúirléid ‘Eangach na hÉireann’ gníomhachtaithe, beidh tagairtí ‘Irish Grid’ san áireamh sa PDF deiridh. Ní thaispeántar giuirléidí gníomhachtaithe eile (m.sh.) Próifíl Airde) ar na PDFanna easpórtáilte.

Lean na treoracha ar an scáileán chun do chomhad PDF a shábháil. A luaithe a shábhálfar é, tiocfaidh teachtaireacht deimhniúcháin aníos ina gcuirfear in iúl gur éirigh le heaspórtáil an chomhaid PDF chuig an láthair sin. Imeoidh an teachtaireacht tar éis 10 soicind nó mar sin.

*Tabhair faoi deara:*Tá sé tuairiscithe ag roinnt úsáideoirí nach féidir leo an PDF a “aimsiú” i ndiaidh é a easpórtáil. Is féidir le hiarmhíreanna comhadainmneacha a bheith i bhfolach in Windows chun comhadainmneacha a dhéanamh níos éasca le léamh, ach is í sin an chúis is dóchúla nach bhfuil tú ábalta an PHD a “aimsiú”. Chun é sin a cheartú, is féidir leat na hiarmhíreanna a dhéanamh infheicthe ar do ríomhaire. Féach na treoracha thíos.

Chun iarmhíreanna comhadainmneacha a thaispeáint nó a chur i bhfolach

1. Cliceáil anseo chun na **Roghanna Fillteáin**a oscailt.
2. Cliceáil ar an **táb**Amhairc, agus ansin, faoi **Ardsocruithe**, déan an méid seo a leanas:
   - Chun na hiarmhíreanna comhadainmneacha a thaispeáint, bain an tic de **cuir iarmhíreanna i bhfolach i gcomhair cineálacha aitheanta comhaid** seiceáil an bosca agus ansin cliceáil**OK**.

Barr

Priontáil

Osclaítear an ghiuirléid ‘Priontáil’ ach an deilbhín a chliceáil i mbarra na ngiuirléidí ar bharr an mhapa.

Gabhann dhá bhosca téacs leis an dialóg don ghiuirléid ‘Priontáil’ a ligeann duit teideal agus fotheideal a chur isteach i gcomhair d’asphrionta más mian leat.

Osclóidh dialóg phriontála do bhrabhsálaí nuair a chliceálann tú an cnaipe ‘Priontáil’. Tig leat treoshuíomh agus méid an leathanaigh a roghnú ach an dialóg seo a úsáid.

Déantar fuinneog an mhapa a scálú le go luíonn sí leis an leathanach priontáilte, beag beann ar an gcruth atá uirthi. Dá bhrí sin, má bhíonn tú ag breathnú ar leagan uasmhéadaithe den mhapa ar ghnáthscáileán, beidh cruth ar fhuinneog an mhapa macasamhail leathanach tírdhreacha. Má dhéanann tú é seo a phriontáil trí úsáid a bhaint as treoshuíomh leathanach portráide, ní bheidh an mapa priontáilte ach ar uachtar an leathanaigh. Leis an leathanach ar fad a chlúdach, déan an mapa a phriontáil mar leathanach tírdhreacha, nó athraigh méid fhuinneog an bhrabhsálaí ina bhfuil an t-amharcóir mapa go dtí an cruth atá uait sula ndéantar é a phriontáil.

Barr

An Ghiuirléid ‘Tarraing agus Tomhais’

Cliceáil an deilbhín ar bharra na ngiuirléidí ar bharr an mhapa chun an ghiuirléid ‘Tarraing agus Tomhais’ a oscailt.

Leis an ngiuirléid seo is féidir leat cruthanna agus siombailí a tharraingt ar an mapa agus tomhais a ríomh. Déantar an seicbhosca ‘Taispeáin na Tomhais’ a oscailt go huathoibríoch nuair a osclaíonn tú an ghiuirléid sin. Bain an tic de más mian leat cruth a tharraingt gan na tomhais.

Féadfar dath/stíl na líníochta a athrú leis trí leas a bhaint as na roghanna éagsúla a bhíonn ar fáil.

Barr

Giuirléid ‘Leabharmharcanna’

Cliceáil an deilbhín i mbarra na ngiuirléidí ar bharr an mhapa chun an ghiuirléid ‘Leabharmharcanna’ a oscailt.

Ligeann an ghiuirléid seo duit d’amharc reatha ar an mapa a leabharmharcáil faoi choinne úsáide amach anseo.

Barr

Giuirléid ‘Svaidhpeáil agus Spotsolas’

Cliceáil an deilbhín i mbarra na ngiuirléidí ar bharr an mhapa chun an ghiuirléid ‘Svaidhpeáil agus Spotsolas’ a oscailt.

Leis an ngiuirléid svaidhpeála is féidir leat oibriú le dhá mhapa, ceann ar bharr an cheann eile, agus comparáid a dhéanamh eatarthu. Go bunúsach cuireann sé ar do chumas mapa amháin a “scamhadh siar” ag taispeáint an dara mapa faoina bhun. Leis an uirlis spotsolais is féidir leat breathnú trí ‘ghearrthóg’ chiorclach mapa amháin ar an mapa nó aerfótagraf faoina bhun.

Breathnaigh ar fhíseán teagaisc ‘Svaidhpeáil + Spotsolas’.

Chun an uirlis ‘Svaidhpeáil nó Spotsolas’ a úsáid, laistigh den ghiuirléid mír aníos ní mór duit cineál mapa amháin a roghnú do do shraith uachtair agus cineál mapa eile do do shraith íochtair. Ansin cliceáil ar Svaidhpeáil nó Spotsolas, ag brath ar cén uirlis is mian leat a úsáid. Nuair a bhogann tú an cúrsóir thar an gcanbhás mapa feicfidh tú saighead (le haghaidh ‘Svaidhpeáil’) nó uirlis gloine formhéadúcháin (le haghaidh ‘Spotsolas’). Cliceáil agus tarraing ar an gcanbhás mapa chun an uirlis roghnaithe a ghníomhachtú. Chun amharc ‘svaidhpeáil’ nó ‘spotsolas’ faoi leith a choinneáil, scaoil an luch go simplí. Cliceáil ar aus ar an gcanbhás mapa chun é a ghníomhachtú.



Barr

Giuirléid ‘Eangach na hÉireann’

Soláthraíonn giuirléid ‘Eangach na hÉireann’ uimhreacha tagartha d’Eangach Náisiúnta na hÉireann feadh thaobh íochtair na mapaí agus feadh thaobh lámh dheas na mapaí laistigh de Mapaí Scoilnet. Tá sé éifeachtach go háirithe agus tú ag amharc ar na mapaí ‘Discovery’, toisc go bhfuil líne Eangach Náisiúnta na hÉireann infheicthe ar na mapaí sin.

Cliceáil an deilbhín ar bharra na ngiuirléidí ar bharr an mhapa chun an ghiuirléid ‘Irish Grid’ a oscailt.

Taispeánann giuirléid ‘Eangach na hÉireann’ tagairtí eangaí ar an gcanbhás mapa agus tú zúmáilte isteach ag scálaí 1:50,000, 1:25,000, 1:10,000 agus 1,5,000. Nuair atá an ghiuirléid gníomhachtaithe, bíonn téacs dearg ann ag rá “Gníomhachtaithe anois“ agus feictear uimhreacha tagartha eangaí gorma feadh bharr an mhapa agus feadh thaobh lámh dheas an mhapa. Ní mór an scáileán a uasmhéadú (F11) chun na huimhreacha tagartha eangaí gorma a fheiceáil. Feicfear na huimhreacha tagartha eangaí gorma ar mhapaí ar bith a phriontálann tú má bhíonn an ghiuirléid casta air.

Barr

Giuirléid ‘Próifíl Airde’

Ligeann an ghiuirléid seo duit próifíl a chruthú d’airde feadh bealaigh ar leith idir dhá phointe nó níos mó.Cliceáil an deilbhín i mbarra na ngiuirléidí ar bharr an mhapa chun an ghiuirléid ‘Próifíl Airde’ a oscailt.

Ina dhiaidh sin, roghnaigh ceann amháin de na 3 uirlis atá curtha ar fáil sa ghiuirléid chun líne a tharraingt trasna an mhapa:



Tiocfaidh an phróifíl airde ar ais agus taispeánfar ar phainéal í a luíonn thar an mapa:



Má chaitheann tú súil níos géire ar aiseanna na próifíle, feicfidh tú an airde (i méadair) feadh na Y-aise agus an fad (i méadair) feadh na X-aise. De réir mar a bhogann tú an cúrsóir trasna na próifíle, feicfidh tú + dearg ar an líne a tarraingíodh ar an mapa; cuireann sé seo an t-ionad comhfhreagrach ar an mapa in iúl maidir leis an láthair i do phróifíl. Ina theannta sin, taispeánann sé an airde i méadair agus an fad ón mbunphointe.

Bheadh an ghiuirléid 'Airde' ar Léarscáileanna an Domhain sí an-áisiúil le haghaidh aon obair ranga a bhaineann le staidéar ar scairbheacha ilchríochacha etc.

Barr

Giuirléid 'Street View' Google

Tá an ghiuirléid 'Street View' Google ar fáil laistigh d'amharcóir Léarscáileanna an Domhain le haghaidh Mhapaí Scoilnet. Tig leat leas a bhaint aisti le breathnú ar limistéar ar leibhéal na sráide trí úsáid a bhaint as Google Maps.

Osclaítear an ghiuirléid ach an deilbhín a chliceáil i mbarra na ngiuirléidí ar bharr an mhapa.

1. Cliceáil an deilbhín , atá laistigh de mhír aníos na giuirléide.
2. Cliceáil limistéar ar an mapa ar mhaith leat breathnú air (tá sé tábhachtach cliceáil ar bhóthar siocair nach bhfuil aon sonraí sráide ann má chliceálann tú foirgneamh/páirc, etc.). Ní mór duit a bheith zúmáilte isteach go mór mar sin.
3. Ba cheart go mbeadh an mapa le feiceáil anois i dtrian íochtarach an scáileáin agus is féidir leat úsáid a bhaint as 'Street View'

Barr

Fabhtcheartú

Seo a leanas roinnt leideanna úsáideacha i gcás neamhdhóchúil go mbíonn deacracht agat le Mapaí Scoilnet.

- **Adobe Flash Player**
  Teastaíonn leagan 10 de Adobe Flash Player ar a laghad le go mbeidh tú in ann breathnú ar Mhapaí Scoilnet. Tabharfaidh an nasc thíos chuig an suíomh íoslódála thú.
  http://get.adobe.com/flashplayer/

- **Saincheisteanna maidir le Féachaint ar Mhapaí**
  Athnuaigh do bhrabhsálaí má reonn an mapa (trí F5 a bhrú nó tríd an gcnaipe athlódála ar bharra uirlisí do bhrabhsálaí a bhrú). Má fheiceann tú scáileán liath, zúmáil amach píosa beag.
  Féadfaidh cuid de na sonraí mapála Stairiúla agus Cassini a bheith mall agus tú ag bogadh an mhapa timpeall. Bíodh foighne agat leis na tacair shonraí seo.

- **Fadhbanna Easpórtála PDF**
  Mura bhfuil tú ábalta an comhad PDF a easpórtáil tú a aimsiú/a oscailt, gabh isteach i do*Phainéal Rialaithe > Roghanna Fillteáin > Amharc* agus cuardaigh an bosca a bhaineann le "*cuir iarmhíreanna i gcomhair cineálacha aitheanta comhaid i bhfolach*". Bain an tic de má tá tic air agus feicfidh tú na PDFanna easpórtáilte ina dhiaidh sin de ghnáth.

Barr

Breiseán Flash

Baineann Mapaí Scoilnet leas as breiseán Flash a chuireann Adobe ar fáil le haghaidh do bhrabhsálaí. Beidh sé seo suiteáilte i dtromlach na mbrabhsálaithe cheana féin. Mura bhfuil an breiseán suiteáilte agat, iarrfaidh do bhrabhsálaí ort é a shuiteáil sula mbíonn tú in ann an suíomh a fheiceáil i gceart.

Tá a thaisce féin ag ríomhchlár Flash chun faisnéis shealadach a stóráil ar do ríomhaire. Cuireann sé seo luas faoi thaispeáint an mhapa agus faoin gcuardach. Ó thráth go chéile, b'fhéidir nach léireofar an tacar sonraí is déanaí san fhaisnéis thaiscthe. Ar an ábhar sin, dea-chleachtas é taisce Flash a ghlanadh anois is arís.

Taisce Flash a ghlanadh:

1. Cliceáil an nasc a leanas: http://www.macromedia.com/support/documentation/en/flashplayer/help/settings_manager07.html
2. Sábháil an láthair seo chuig do cheanáin mura bhfuil sé déanta agat cheana féin
3. Ba cheart go bhfeicfeá leathanach atá cosúil leis an íomhá thíos

4. Cliceáil an cnaipe 'Scrios an uile shuíomh'
5. Cliceáil 'Deimhnigh' leis an taisce don uile shuíomh gréasáin a scriosadh

Ba cheart go mbeifeá ábalta an mapa a úsáid ansin.

Barr